

Folúntas: Post mar Chartlannaí ar Conradh

Fáilteofar roimh iarratais ar phost mar **Chartlannaí ar Conradh**, post lánaimseartha ar théarma socraithe 18 mí.

Déanfaidh sealbhóir an phoist cartlann Chonradh na Gaeilge a chatalógú, lena n-áirítear ábhar digitithe roghnaithe a bronnadh ar an Ollscoil le déanaí. Sa bhailiúchán tá 521 bosca cartlainne agus cuimsíonn sé ábhar a bhaineann le tréimhse os cionn céad bliain den Chonradh a bheith ar an bhfód, rud a thabharfaidh léargas dosháraithe ar ghnéithe teangeolaíocha, cultúrtha, sóisialta agus polaitiúla a bhaineann le hÉirinn san am a caitheadh.

Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas ag sealbhóir an phoist:

- Céim móide cáilíocht ghairmiúil sa chartlannaíocht atá creidiúnaithe nó aitheanta ag an gCumann Cartlann agus Taifead
- Taithí ábhartha oibre ag leibhéal gairmiúil, i dtimpeallacht faisnéise acadúil/taighde más féidir
- Líofacht sa Ghaeilge ag an leibhéal seo a leanas: Scrúdú Cainte Gaeilge ag Leibhéal C2 agus Scrúdú Scríofa Gaeilge ag Leibhéal C2. (Beidh ar iarrthóirí tabhairt faoi mheasúnú Gaeilge)
- Soláthar praiticiúil meiteashonraí, caomhnaithe agus caighdeán eile
- Sárscileanna IT, a áiríonn úsáid bogearraí bainistíochta cartlainne
- Sárscileanna idirphearsanta agus scileanna cumarsáide scríofa agus labhartha

Tuarastal: €40,846 – €50,303 sa bhliain (Scála Leabharlannaí Cúnta II)

€48,197 – €57,511 sa bhliain (Scála Leabharlannaí Cúnta I)

(Déanfar an ceapachán seo ar phointe 1 den scála faoi réir pholasáí reatha pá an Rialtais) (Do dhaoine a tháinig isteach san earnáil phoiblí in Éirinn roimh 1995, beidh feidhm le rátaí Tuarastail aicme D)

Ní mór iarratais a bheith faighte faoi 17:00 (Am na hÉireann) Déardaoin, an 30 Samhain 2017. Ní dhéanfar iarratais a fhaightear tar éis an spriocdháta a mheas.

Seans nár mhór grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh.

Déanfar ceapacháin faoi réir bailíochtú údarú oibre.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.djei.ie lena n-áirítear liosta catagóirí neamh-incháilithe do cheadúnais fostaíochta

Chun tuilleadh eolais agus Foirm Iarratais a fháil féach ar an láithreán gréasáin: <http://www.nuigalway.ie/about-us/jobs/> Ba cheart iarratais a dhéanamh ar líne.

Tabhair faoi deara go mbraithfidh ceapachán i bpoist atá fógartha ar cheadú na hOllscoile, agus ar théarmaí an Chreata um Rialú Fostaíochta don earnáil ardoideachais.

Is fostóir comhionannais deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.